Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8102/26**

**LIMITE**

**ECOFIN 448**
**RELEX 483**
**COEST 284**
**FIN 518**
**CSC 230**
***ECB***
***EIB***

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena bhformheastar cúnamh don Úcráin chun Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur chun feidhme |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena bhformheastar cúnamh don Úcráin chun Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur chun feidhme**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027[1], agus go háirithe Airteagal 8 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L, 2026/467, 24.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/467/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Nollaig 2025, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach iasacht EUR 90 billiún a sholáthar don Úcráin le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027. Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach freisin gurbh amhlaidh, trí bhíthin comhar feabhsaithe i gcomhréir le hAirteagal 20 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, nach mbeadh aon tionchar ag slógadh acmhainní as buiséad an Aontais mar ráthaíocht le haghaidh na hiasachta sin ar oibleagáidí airgeadais na Seicia, na hUngáire ná na Slóvaice. Ar an dáta céanna, chomhaontaigh 25 Bhallstát nár cheart don Úcráin an iasacht sin a aisíoc go dtí go bhfaigheadh sí an cúiteamh. Go dtí sin, beidh sócmhainní Bhanc Ceannais na Rúise blocáilte i gcónaí agus coimeádann an tAontas an ceart aige féin chun úsáid a bhaint astu chun an iasacht a aisíoc, i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

PUBLIC

(2) An 29 Eanáir 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2026/258[2] lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le hIasacht don Úcráin a bhunú. Ina dhiaidh sin, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2026/467.

(3) I mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2026, bhí roinnt malartuithe ag an gCoimisiún agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) le rialtas na hÚcráine chun faisnéis a lorg maidir le riachtanais mhaoiniúcháin agus chosanta réamh-mheasta na hÚcráine le haghaidh na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2026.

[2] Cinneadh (AE) 2026/258 ón gComhairle an 29 Eanáir 2026 lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le hIasacht don Úcráin a bhunú, IO L, 2026/258, 2.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/258/oj.

(4) An 24 Márta 2026, chuir an Úcráin Straitéis na hÚcráine um Maoiniú faoi bhráid an Choimisiúin go foirmiúil, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2026/467. An 26 Márta 2026, chuir an Úcráin leagan athbhreithnithe de na táblaí atá i gceangal le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú isteach. Le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, soláthraítear mionsonraí maidir le riachtanais mhaoiniúcháin agus foinsí maoiniúcháin na hÚcráine, chomh maith le riachtanais chosanta agus cúnamh míleata comhchineáil le haghaidh na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2026.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2026/467, rinne an Coimisiún measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2026/467. Agus an measúnú sin á dhéanamh ag an gCoimisiún, d'oibrigh sé, a mhéid ab fhéidir, i ndlúthchomhar leis an Úcráin.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 7(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2026/467, rinne an Coimisiún measúnú ar iomláine, indéantacht agus comhleanúnachas Straitéis na hÚcráine um Maoiniú leis na toimhdí foluiteacha.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 7(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2026/467, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na faisnéise i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú le foinsí seachtracha. I mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2026, chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta maidir le riachtanais mhaoiniúcháin réamh-mheasta na hÚcráine. Reáchtáil an Coimisiún agus SEGS comhairliúcháin freisin le saineolaithe Ardán Ilghníomhaireachtaí Comhordaithe Deontóirí don Úcráin agus an Ghrúpa Teagmhála um Chosaint na hÚcráine.

PUBLIC

(8) Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar chomhsheasmhacht bhearna maoiniúcháin sheachtraigh na hÚcráine a bhfuil coinne léi agus a bhfuil tacaíocht de dhíth uirthi ina leith le dáileadh táscach na hIasachta Tacaíochta don Úcráin a leagtar amach in Airteagal 7(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2026/467.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 7(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2026/467, rinne an Coimisiún agus SEGSmeasúnú ar chomhlíonadh na réamhchoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(1) den Rialachán sin. Go sonrach, leanann an Úcráin de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí, an smacht reachta, agus d'urraim a ráthú do chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Mar chuid den smacht reachta a choinneáil ar bun agus a urramú; déanfar an t-éilliú a chomhrac.

(10) Ar bhonn na measúnuithe dá dtagraítear in aithrisí 5 go 8, thug an Coimisiún measúnú dearfach ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chuir an Úcráin faoina bhráid i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2026/467. Ba cheart an measúnú dearfach ón gCoimisiún ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a fhormheas agus ba cheart méideanna cúnaimh atá le cur ar fáil don Úcráin chun cúnamh a thabhairt le cur chun feidhme Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chinneadh sa Chinneadh seo i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2026/467.

(11) Tá na méideanna a leagtar amach sa Chinneadh seo ailínithe leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2026/467.

PUBLIC

(12) An cúnamh atá le cur ar fáil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin, tá sé le maoiniú trí iasachtaí a gheobhaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais ar bhonn Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2026/467.

(13) De bhun Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2026/467, cinneadh méideanna na hIasachta Tacaíochta don Úcráin atá le cur ar fáil faoin gCinneadh seo ar bhonn na bearna maoiniúcháin sheachtraigh a bhfuil coinne léi san Úcráin le haghaidh na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2026, agus na ranníocaíochtaí atá ar fáil agus a bhfuil coinne leo ó dheontóirí eile á gcur san áireamh. Ní mó an méid iomlán EUR 45 000 000 000 ná an t-uasmhéid dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2026/467. Agus na méideanna sin á gcinneadh, socraíodh an ranníocaíocht ón Aontas ar leibhéal lena gcuirtear san áireamh ranníocaíochtaí ó dheontóirí idirnáisiúnta eile, agus ar an gcaoi sin áirithítear comhroinnt chothrom an dualgais maidir le riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine a chumhdach.

(14) De réir Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, tá EUR 16 700 000 000 beartaithe le haghaidh cúnamh macrairgeadais arna dheonú chun na críche a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2026/467 nó le haghaidh cúnamh buiséadach i bhfoirm iasachta atá le cur chun feidhme faoin tSaoráid don Úcráin de bhun Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún[3] agus tá EUR 28 300 000 000 beartaithe chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine i gcomhréir le Caibidil IV de Rialachán (AE) 2026/467.

---

[3] Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).



PUBLIC

(15) Thairis sin, chun críoch cúnaimh bhuiséadaigh, léirítear le cinneadh na méideanna measúnú ar na módúlachtaí maoiniúcháin iomchuí, agus cineál agus práinn na riachtanas maoiniúcháin á gcur san áireamh. Ar an mbonn sin, ba cheart EUR 8 350 000 000 a sholáthar i bhfoirm iasachtaí arna gcur chun feidhme de bhun Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792 agus ba cheart EUR 8 350 000 000 a sholáthar mar chúnamh macrairgeadais arna dheonú chun na críche a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2026/467.

(16) I bhfianaise phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus na stuamachta, níor cheart na heisíocaíochtaí a dhéanamh go dtí go mbeidh ráthaíocht ón Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar fáil. Tuigtear go ndéanfaí na heisíocaíochtaí ó mhéideanna a fuarthas ar iasacht faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe faoi Airteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus, i bhfianaise an naisc intreach idir an cumas iasacht a fháil agus an fhéidearthacht méideanna a eisíoc, go dtí go mbeidh ráthaíocht den sórt sin ar fáil, nár cheart méideanna a bhaineann leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a áireamh i sceideal na n-íocaíochtaí a bhfuil coinne leo chun oibríochtaí iasachtaíochta a chur chun feidhme faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe.

(17) I bhfianaise staid airgeadais dheacair na hÚcráine agus phráinn na staide mar gheall ar an gcogadh atá ar siúl i gcónaí, agus d’fhonn dlús a chur leis an bpróiseas, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

*Airteagal 1*

*Measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a fhormheas*

Leis seo, formheastar an measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a cuireadh isteach an 24 Márta 2026. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo an measúnú sin ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2026/467.

PUBLIC

*Airteagal 2*

*Méid an chúnaimh a chuirfear ar fáil don Úcráin*

1. Cuirfear cúnamh suas le EUR 45 000 000 000 ar fáil don Úcráin chun cúnamh a thabhairt maidir le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur chun feidhme. Leis an gcúnamh sin, ba cheart riachtanais mhaoiniúcháin arna sainaithint ag an Úcráin i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú le haghaidh na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2026 a chumhdach.

2. Ní eisíocfar an cúnamh go dtí go mbeidh ráthaíocht don Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar fáil.

3. I gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2026/467, cuirfear an cúnamh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar fáil mar a leanas:

   (a) suas le EUR 8 350 000 000 le haghaidh cúnamh buiséadach i bhfoirm iasachta atá le cur chun feidhme de bhun Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792;

(b) suas le EUR 8 350 000 000 le haghaidh cúnamh macrairgeadais arna dheonú chun na críche a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2026/467;

(c) suas le EUR 28 300 000 000 chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine i gcomhréir le Caibidil IV de Rialachán (AE) 2026/467.

*Airteagal 3*

*Tráthchodanna an chúnaimh mhacrairgeadais*

1. An cúnamh a chuirfear ar fáil mar chúnamh macrairgeadais arna dheonú chun na críche a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2026/467, soláthrófar é i dtrí thráthchuid ar a mhéad.

2. Beidh luach táscach na dtráthchodanna dá dtagraítear i mír 1 mar a leanas:

(a) an chéad tráthchuid EUR 3 200 000 000;

(b) an dara tráthchuid EUR 3 700 000 000;

(c) an tríú tráthchuid EUR 1 450 000 000.

PUBLIC

*Airteagal 4*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC